An Roinn Oideachais agus Eolaíochta **M.66T**
SCRÚDUITHE ARDTEISTIMÉIRÉACHTA, 2001

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóiri ar an DÉARDAOIN, 3 BEALTAINE, 2001

EALAÍN

**OBAIR CHEARDAÍOCHTA**

GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 10 BEALTAINE, MAIDIN 9.30 - 12.00 TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30

**Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo**

**TREORACHA**

Léigh na treoracha seo a leanas agus déan iad a chomhlíonadh.

(a) Ceadaítear úsáid a bhaint as cibé ábhair ealaíne agus dearraidh agus uirlisí is gá, leis an scrúdú a chomhlánú.

(b) Is gá go mbeadh an t-eolas seo a leanas scríofa go soiléir ar gach bileog líníochta.

- D'uimhir scrúdaithe agus an leibhéal scrúdaithe atá á dhéanamh agat.
- Ainm do rogha ceardaíochta.
- Uimhir na ceiste a roghnaigh tú.

(c) Tabharfar clúdach ceardaíochta trédhearcach duit ag deireadh an scrúdaithe ina gcuirfidh tú na rudaí seo a leanas.

- Sceitsí ullmhúcháin amháin, más ann dóibh. Is gá é seo a bheith, sínithe agus dátaithe ag do mhúinteoir ealaíne nó ag do phríomhoide.
- Réamhsceitse amháin, aitheanta mar an gcéanna.
- Saothar ceardaíochta amháin comhlánaithe.
  (Más saothar trí-thoiseach do shaothar ceardaíochta is cóir é a leagan ar an gclúdach ceardaíochta dúnta.)

(1) *Sceitsí Ullmhúcháin* ar thaobh amháin de leathanach A2 — 0 marc

Déantar an sceitse seo sa tseachtain roimh an scrúdú agus ceadaítear duit é a bhreith isteach leat sa seomra scrúdaithe mar chabhair leis an gcuimhne. Is gá an bhileog seo a bheith sínithe agus dátaithe ag do Mhúinteoir Ealaíne nó ag do Phríomhoide mar chruthúnas gur leat féin amháin an obair. Is féidir léaráidí mínithe bunaithe ar na smaointe forbartha agus ar an dtuiscint phearsanta atá agat ar an dtéama a roghnaigh tú, a bheith mar chuid den ábhair ullmhúcháin seo. Tá sé ceadaithe nótaí beaga a léiríonn cad as ar eascair na smaointe don cheardaíochta bheith leis na líníochtaí/sceitsí.

(2) *Réamhsceitse* ar thaobh amháin de leathanach A2 — 10 marc

Is gá an réamhsceitse a chur i gcrích i rith an tréimhse scrúdaithe. Is gá go mbeadh forbairt suntasach sa bhreis le feiceáil ar do chuid smaointe sa sceitse seo thar mar atá sa sceitse ullmhúcháin. Is gá don réamhsceitse na cáilíochtaí fheidhmiúla agus radharcacha ar fad atá ag an saothar ceardaíochta 2D nó 3D ar nós Cruth, Uigeacht, Tomhais, Imlíne, Maisiúchán agus Críoch, a thaispeáint. **Ní thabharfar marcanna ar bith do chóip díreach den sceitse ullmhúcháin.**

(3) A*n Saothair Ceardaíochta* — 90 marc

Déantar an saothar ceardaíochta a chur i gcrích ar lá an scrúdaithe.

Iomlán marcanna 100

**THALL →**

## ROGHNAIGH CEANN AMHÁIN DE NA CEARDAÍOCHTAÍ SEO A LEANAS

### 1. LEABHARCHEARDÍOCHT

Dear agus déan fillteán do bhailiúchán **ticéid ceolchoirme** atá bailithe agat.
***nó***
Dear agus déan fillteán do **ghiotaí eolais faoi do rogha spórt a ghearr tú amach as nuachtáin agus iriseáin**
***nó***
Dear agus déan fillteán do bhileoga eolais ar **shlite bheatha agus ar dheiseanna fostaíochta.**
Bain úsáid as ábhair, dathanna agus litreoireacht oiriúnach.

### 2. PEANNAIREACHT

Dear agus táirg saothar peannaireachta ag baint úsáide as cuid nó iomlán sliocht **(a) nó (b)** thíos. Is féidir leat do chuid peannaireachta a dhéanamh sa stíl thraidisiúnta, trí litreoireachta sciliuil, léiritheach agus trí íomhánna shimplí á úsáid.
**nó**
Is féidir leat iomad dathanna agus teicníochtaí uigeachta éagsúla, éagsúlacht méide sna litreacha, colláis nó leagan amach neamhchoitianta a úsáid de réir mar is cuí.

**Sliocht (a)**
“Tá a fhios agam cad iad na cosáin duilleogacha a thógann na Cailligh,
Lena gcuid coróin néamhainne, eiteáin ollana,
agus a mionghháire rúnda,
Nuair a thagann siad amach as íochtar an locha;”
*(W.B. Yeats)*

**Sliocht (b)**
“Nuair a dhreap
an cat
thar an cófra
chuir sé
a chrúb thosaigh dheas
go cúramach
agus ansin
a chrúb dheiridh
isteach sa
phróca bláthanna
folamh.”
*(William Carlos Williams)*

### 3. PÓSTAER

Roghnaigh ceann de na téamaí seo a leanas:
**(a) Truailliú Tránna na hÉireann**
**(b) Ár dturas scoile thar lear** (is féidir leat do rogha féin ceann scríbe a roghnú)
**(c) An Díolachán Cófra Bagáiste Cairr.**
Dear agus déan póstaer ina ndéanann na híomhánna, dathanna agus litreoireacht an teachtaireacht a chur in iúl. Is féidir leat do rogha teicnící a úsáid. B’fhearr i bhfad obair ealaíne phearsanta agus litreacha lámh scríofa a úsáid.
***nó***
Dear stampa poist mar chomóradh ar **an laoch spóirt Éireannach ón mbliain 2000 is fearr leat, bíodh sé baineann nó fireann.**
Is féidir leat do rogha cruthanna agus teicnící a úsáid. B’fhearr i bhfad obair ealaíne phearsanta agus litreacha lámh scríofa a úsáid.
***nó***
Dear **slánaitheoir scáileáin dod’ ríomhaire** bunaithe ar **cheann amháin** acu seo a leanas:
**(a) droch aimsir (b) peataí fionnaitheach (c) cruthanna geoiméadrach agus bundathanna.**
Is cóir duit an gluaiseacht a bheidh sa slánaitheoir scáileáin a léiriú ar do **bhileog reamhsceitse** (is leor clár scéalaíochta nó sraith sceitsí de réir oird). Is cóir go mbeadh íomhá chríochnaithe amháin mar chuid de do shaothar comhlánaithe.

### 4. FÍODÓIREACHT

Dear agus fígh píosa ábhair samplach a bheadh oiriúnach mar chlúdach cathaoireach.
Bunaigh do dhearadh ar na dathanna agus ar uigeachtaí éagsúla a bheadh le feiceáill i **siopa bia sláinte** nó **in ionad garraíodóireachta**
***nó***
Dear agus fígh táipéis bheag bunaithe ar cheann de na téamaí seo a leanas:
**(a) Pónairí Ghlóthaí**
**(b) An Saotharlann Eolaíochta**
**(c) Éisc/Each Uisce.**
Bain úsáid as éagsúlacht dathanna, cruthanna, patrúin agus an uigeachtaí le cur le héifeacht do dhearadh.

**5. <u>LÍONÓILGHEARRADH</u>**

Dear agus déan prionta líonóile bunaithe ar **cheann amháin** de na téamaí seo a leanas:
Bíodh an dath cúlionaid mar chuid thábhachtach ded' dhearadh. Is ceadmhach dath amháin nó níos mó a úsáid i do dhearadh.

**(a) Cad a d'fheicinn dá mbá phéist mé?**
**(b) Lile Bháite**
**(c) 'Cloíonn bráithre aon cheirde lena chéile'**
**(d) Rásaíocht Foirmle 1.**

**6. <u>PUIPÉADACHT</u>**

Dear agus déan puipéad buanfasach inoibrithe bunaithe ar **cheann amháin** de na carachtair seo a leanas:

**(a) Brian Bóirimhe (b) An Marcach (c) Síog fiacal (d) An duine is mó a bhfuil meas agat air/uirthe** (is gá an duine a roghnaíonn tú a ainmniú).

**7. <u>SCÁTHLÁNPHRIONTÁIL</u>**

Dear agus déan prionta bunaithe ar **cheann amháin** de na téamaí seo a leanas:

**(a) Cruthanna stróichte agus gearrtha (b) Na Gréithre atá le ní (c) Bréagáin Páistí**
**(d) Maisiúchán foirgnimh Seoirseacha, lasmuigh nó laistigh.**

Treisigh do dhearadh trí árd a dhíriú ar an gclárú agus ar an bhforchló.

**8. <u>TEICSTÍLÍ LÁMHPHRIONTÁILTE</u>**

Dear agus priontáil sampla d'ábhar pátrúnaithe timpeall leathmhéadar ar fhaid. Bunaigh do dhearadh ar **cheann amháin** de na téamaí seo a leanas.

**(a) Na cruthanna agus na dathanna a faightear ar shuíomh tógála (b) Bosca seodra agus a bhfuil ann**
**(c) Uisce reatha (d) An Ghráinneoig san Earrach.**

Treisigh do dhearadh trí aird a dhíriú ar an bhforchló, ceangal agus gluaiseacht.

**9. <u>BAITIC</u>**

Dear agus déan painéal bunaithe ar **cheann amháin** de na sleachta **(a) nó (b)** thíos. Ba chóir do shaothar a thumadh san umar datha faoi dhó ar a laghad nuair atá sé á tháirge agat. Bíodh a laghad agus is féidir de dhathadóireacht láimhe ar an bhfabraic.

**Sliocht (a)**
"Béarfaidh mé chugat,
nuair a thagaim,
na dathanna ar fad
atá le feiceáil ar theach seilide,
Agus sliogáin ina gcloisfidh tú
crónan na mara i gcéin,
Ó bhun tuarceatha béarfaidh mé
chugat soilse ildaite
a chuirfidh ar ruaig ar na mná sí
a bhíonn ag caoineadh is t'oíche."
*(Francis Ledwidge)*

**Sliocht (b)**
"Titeann na húlla aibí;
Plumaí corcairdhearg,
Piorraí buí-ómra agus donn;
Plap! Titeann na húlla aibí
sa ghairdín go talamh."
*(Catherine Tynan)*

**10. <u>CRIADÓIREADHT</u>**

Agus úsáid á bhaint agat as cibé teicníc gur mian leat, dear, déan agus maisigh **<u>ceann amháin</u>** de na cinn seo a leanas:

**(a) coimeadán a d'úsáidfeá le glasraí a dháileadh**
**(b) coinnleoir d'ócáid fhéiliúil** (ceadaítear múnlóireacht)
**(c) Próca brioscaí**
**(d) Plaic ag comóradh an bonn airgid a bhuaigh Sonia O'Sullivan 'sna Cluichí Oilimpeacha. <u>Níor chóir</u> litreoireacht a bheith mar chuid de seo.**

**Nóta:** Níor chóir don phíosa criadóireachta críochnaithe dul thar 30cm sa toise is mó. **<u>Is gá é a bhácáil</u>**. Maisigh le glonraí, le criadóireacht, le dathanna, le sleamhnáin, agus le hocsáidí. Is féidir ábhair moltacha a chur leis níos déanaí. **Is cóir imeallacha géara, dáinséaracha a sheachaint ar photaí glonraithe.**

**THALL →**

**11. BRÓIDNÉIREACHT**

Dear agus déan **dealbhóireacht bhog <u>nó</u> múr bhrat** bunaithe ar an sliocht seo a leanas:
"Chuir siad chun farraige i gcriathar, is ea,
Chur siad chun farraige i gcriathar:
D'ainneoin gach rud a dúirt a gcairde,
Maidin gheimhridh, ar lá stoirmiúil,
Chur siad chun farraige i gcriathar".
*(The Jumblies le Edward Lear)*
**<u>nó</u>**
Dear agus bróidnéirigh **clúdach leabhair** don **úrscéal is fearr leat <u>nó</u> clúdach** do leabhar **liricí amhráin an banna ceoil is fearr leat.** (Is gá duit an teideal agus údar an úrscéil nó ainm an bhanna ceoil a lua i do réamhobair).
Bain úsáid as ar a laghad trí ghreim éagsúil agus meascán de theicnící eile.

**12. SNOÍODÓIREACHT ADHMAID**

Dear agus snoigh ceann amháin acu seo a leanas:
**(a) cuaille eolais do shiúlóid coille nó do stiúideo damhsa**
**(b) plaic a léiríonn do chuid caithimh aimsire agus spéiseanna**
**(c) snóídóireacht saorsheasmhach den ainmhí fiáin is fearr leat.**

**13. MIOTALÓIREACHT**

Dear agus déan painéal cruanta do cheann amháin díbh seo a leanas:
**(a) Slabhra nóinín**
**(b) Clog gréine**
**(c) Simnéithe agus díonta**
**<u>nó</u>**
Dear agus déan samhail mhiotail sairsheasmhach bunaithe ar **an bhfinscéal is fearr leat**.

**14. MÚNLÓIREACHT**

Dear agus múnlaigh sa chruinne nó i rilíf saothar dealbhóireachta a léireóidh **ceann amháin** de na sleachta seo a leanas:

**Sliocht (a)**
"Nuair a bheidh mé i mo sheanbhean caithfidh mé éadaí corcra
agus hata dearg nach dtéann le chéile, agus nach n'oireann dom
Suífidh mé síos ar an gcosán nuair a bhíonn tuirse orm
Agus tarraingeoidh mé mo mhaide siúil i mo dhiaidh ar ráillí
Rachaidh mé amach sa bháisteach i mo slipéirí
agus piocfaidh mé bláthanna i ngáirdíní nach liom."
*(J. Joseph)*

**<u>nó</u>**

**Sliocht (b)**
"Cat fionnrua é Macavity, tá sé ard agus tanaí;
D'aithneofá é dá bhfeicfeá é mar go bhfuil a shúile sáite siar ina cheann.
Tá línte smaointeacha doimhne ina chláréadan, tá a cheann cruinn chloigneach;
Tá a chóta lán dheanach ceal cúram, tá a fheasóg gan scuabadh.
Luascann sé a cheann ó thaobh go taobh, faoi mar a dhéanfadh nathar nimhe;
Is nuair a cheapann tú go bhfuil sé ina chodladh, bíonn sé ina lán-dhúiseacht."
*(T.S. Elliot)*

**N.B.** Ní mór na múnlaí a dhéanamh le cré, nó in ábhar ar bith a thriomaíonn go tapa. Is cóir na múnlaí cré a theilgean nó a bhácáil agus, más mian leat é, iad a ghlónrú. Is féidir ábhair a chomhlánaíonn é a chur leis.